

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 265



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

11 Iúil 2022

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 265/01	Fógra ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann le rioscaí agus neamhchomhlíonadh i gcomhthéacs athbheithnithe tréimhsiúla ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún	1
2022/C 265/02	Fógra maidir le comhchruinniú a tharraingt siar (Cás M.10560 – SIKA / MBCC GROUP) ⁽¹⁾	8

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 265/03	Rátaí malairte an euro — 8 Iúil 2022	9
---------------	--	---

An Chúirt Iniúchóirí

2022/C 265/04	Tuarascáil speisialta 10/2022 — “Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise”	10
---------------	--	----

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 265/05	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10811 — INPEX / SC / SEML) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	11
2022/C 265/06	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10656 — FLUTTER ENTERTAINMENT / SISAL) ⁽¹⁾	13
2022/C 265/07	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10756 – ACC / EVONIK/JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	14

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2022/C 265/08	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh le sonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	16
---------------	--	----

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le faisnéis a bhaineann le rioscaí agus neamhchomhlíonadh i gcomhthéacs athbhreithnithe
tréimhsiúla ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún**

(2022/C 265/01)

1. Réamhrá

San Fhógra seo ón gCoimisiún, mínítear na critéir agus na breithnithe ábhartha, i gcomhthéacs athbhreithnithe tréimhsiúla faoi Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ⁽¹⁾. Is é is cuspóir don Fhógra seo an próiseas a dhéanamh trédhearcach do shaoránaigh, d'oibreoirí gnó agus d'údarais inniúla náisiúnta, san Aontas agus i gcríocha agus i dtríú tíortha óna ndéantar bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad faoi réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a allmhairiú isteach san Aontas.

Tá sé i gceist leis an bhFógra seo cúnamh a thabhairt do shaoránaigh, d'oibreoirí gnó agus d'údarais inniúla náisiúnta tuiscint níos fearr a fháil ar chur i bhfeidhm Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais amháin atá inniúil dlí an Aontais a léirmhíniú. Leis na tuairimí a léirítear san Fhógra seo, ní dhéantar réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach a ghlacadh os comhair an Aontais agus os comhair na gCúirteanna náisiúnta.

2. Raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793

Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 leagtar síos rialacha maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialáítear teacht isteach san Aontas bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe, bunaithe ar na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 47(2)(b) agus in Airteagal 54(4) (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, chomh maith le hAirteagal 53(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialáítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe teacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail agus na ceanglais ghinearálta atá i ndlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

Is é cuspóir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar rioscaí aitheanta sláinte nó rioscaí atá ag teacht chun cinn, nó toisc go bhfuil fianaise ann ar neamhchomhlíonadh forleathan tromchúiseach reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia (féach Airteagal 1(2)(a) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/625 maidir le bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad). Foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le cur chuige comhchuibhithe i leith rialuithe oifigiúla maidir le bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad a thagann isteach san Aontas agus tá sé beartaithe a áirithiú go gcuirfear reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia i bhfeidhm ar thráchtearraí den sórt sin.

Tráchtearraí de thionscnamh tríú tíortha atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe, ar bhearta éigeandála nó ar fhionraí teacht isteach san Aontas, tá siad liostaithe sna hlarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Bunaítear minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar thráchtearraí atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe agus ar bhearta éigeandála agus aird á tabhairt go háirithe ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an nguais atá á breithniú, ar neamhchomhlíonadh arna mbrath ag údaráis inniúla sa mhargadh inmheánach le linn rialuithe oifigiúla, agus ar mhinicíocht iarbhair na ndiúltuithe teorann. Ag brath ar an nguais shonrach, beidh gá critéir éagsúla a chur san áireamh agus beidh ualach coibhneasta an chritéir difriúil freisin (féach ranna 3.1 agus 3.2.2 thíos).

Liostaítear sna hlarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha áirithe agus na bearta comhfhreagracha, mar a leanas:

Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ar theacht isteach dóibh san Aontas.

Liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 bia agus beatha faoi réir coinníollacha speisialta, e.g. an ceanglas maidir le deimhniú oifigiúil agus torthaí anailíse saotharlainne a chur ar fáil a rialaíonn a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó mhiceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair loitnaidicíd, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí, agus ó thruailliú micribhitheolaíoch.

Liostaítear in Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch í agus a bhfuil a n-allmhairiú isteach san Aontas ar fionraí.

Bearta éigeandála atá in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IIa de réir bhrí Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

Liostaítear tráchtearraí ar bhonn na nithe sea a leanas: a dtríú tír thionscnaimh, an tuairisc ar an tráchtearra, cód na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) agus aicmiú Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC), agus an ghuais. D'fhéadfadh tráchtearraí ó thríú tír a bheith faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus/nó bearta éigeandála (ach amháin chun teacht isteach san Aontas a chur ar fionraí) i gcás níos mó ná guais amháin.

Le hAirteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na liostaí a leagtar amach sna hlarscríbhinní ar bhonn rialta, agus nach faide ná sé mhí, i bhfianaise faisnéise nua a bhaineann le rioscaí agus le neamhchomhlíonadh. Ina theannta sin, i gcás riosca atá ag teacht chun cinn, nó i gcás ina bhfuil fianaise ann maidir le neamhchomhlíonadh forleathan tromchúiseach reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia, féadfar beart cosanta a fhorchur tráth ar bith mar fhreagairt ar rioscaí speisialta (an tráchtearra a liostáil in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II) agus teacht isteach san Aontas a chur ar fionraí (liostú in Iarscríbhinn IIa) mar fhreagairt ar rioscaí atá ar tí tarlú, gan beann ar na hathbhreithnithe rialta

Glacfar na leasuithe is gá ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Airteagal 145(2) de Rialachán (AE) 2017/625.

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hidirthréimhsí chun go dtiocfadh coinsíneachtaí tráchtearraí arna seoladh ón tír thionscnaimh isteach san Aontas sula dtiocfaidh leasú ar an Rialachán i bhfeidhm. Ligeann tréimhsí den sórt sin d'oibreoirí agus do thríú tíortha iad féin a chur in oiriúint do na ceanglais a bhunaítear leis an Rialachán lena leasaítear na tráchtearraí atá liostaithe sna hlarscríbhinní, agus, i gcás inar gá, do na húdaráis inniúla i dtríú tíortha córas deimhniúcháin a eagrú. I gcásanna áirithe, bunaithe ar an leibhéal riosca, ní fhéadfar foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse.

3. Céimeanna an athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793

3.1. Guaiseanna a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793

Liostaítear tráchtearraí ar bhonn tionscnaimh/cód AC/guaise.

Ní liosta uileghabhálach é liosta na nguaiseacha a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le rialuithe oifigiúla nó bearta éigeandála a mhéadú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Faoi láthair, áirítear na guaiseacha seo a leanas, i measc nithe eile, sa Rialachán Cur Chun Feidhme:

(a) Micribhitheolaíoch: *Salmonella*;

(b) Ceimiceach:

(i) **Éilleáin:** Aflatocsainí, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí;

(ii) **Iarmhair lotnaidicídí:** Iarmhair lotnaidicídí a liostaítear i gclár comhordaithe ilbhliantúil rialaithe an Chomhphobail arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 (*), agus iarmhair eile lotnaidicídí, mar shampla aimiótras, nicitín, toilfeinporáid, dé-aifeintiaúrón, déchófol, déthiacarbamáití, détheafúrán, folpéad, proclóras, tiafeanáit-meitil, tríbhóláit, aicéafáit, feantónáit, clórbúfam, foirmeiteanáit, próitiafos, carbafúrán, meitrifeanón;

(iii) **Guaiseacha eile:** Ruaimeanna na Súdáine, ródaimín B, suilftí, ciainíd, ocsaíd eitleíne.

Féadfar an liosta guaiseacha thuas a leathnú ag céim áirithe nuair is gá tráchtearraí áirithe ó thíortha áirithe a thabhairt isteach i gcás guaise ar leith, agus dá bhrí sin ní liosta uileghabhálach é an liosta a thugtar, ní luaitear ach guaiseacha reatha san Fhógra seo.

3.2. An fhaisnéis a bhailítear

Na foinsí faisnéise, an fhaisnéis a aisghabhtar agus an tréimhse thagartha chun faisnéis a bhailiú maidir le gach tráchtearra a bhfuil cur síos air thíos.

3.2.1 Foinsí faisnéise

Úsáidtear roinnt foinsí faisnéise chun an fhaisnéis is gá a bhailiú i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar leasuithe féideartha ar Rialachán (AE) 2019/1793:

- (a) Faisnéis a mhalartaítear idir an Coimisiún agus na Ballstáit – tograí le haghaidh liostaí nua de theaglamaí táirgí/guais, barúlacha, iarrataí ar leasuithe;
- (b) Faisnéis a fhaightear ó thríú tíortha, gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag tríú tíortha chun comhlíonadh cheanglais ábhartha an Aontais a áirithiú;
- (c) Faisnéis maidir leis na rialuithe a rinne an Coimisiún i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 120 de Rialachán (AE) 2017/625 – tuarascálacha iniúchóireachta;
- (d) Faisnéis ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA);
- (e) Taifid ar thorthaí rialuithe oifigiúla i gcóras TRACES-NT.

3.2.2 Faisnéis a aisghabhtar le haghaidh gach tráchtearra

- (a) Torthaí rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar thráchtearraí liostaithe, arna dtaifeadadh in TRACES-NT:
 - (i) Líon iomlán na gcoinsíneachtaí bia agus beatha de thionscnamh nach de bhunadh ainmhíoch iad arna n-allmhairiú isteach san Aontas;
 - (ii) Líon iomlán na seiceálacha céannachta agus fisiceacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát ar choinsíneachtaí bia agus beatha nach de thionscnamh ainmhíoch iad arna n-allmhairiú isteach san Aontas;
 - (iii) Líon iomlán na dtorthaí neamhfhabhracha rialaithe a braitheadh le linn seiceálacha fisiceacha (anailís saotharlainne) maidir leis an nguais shonrach a bhfuil an tráchtearra liostaithe ina leith;
 - (iv) Céatadán de thorthaí neamhfhabhracha rialaithe i gcoibhneas le líon na seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar choinsíneachtaí le haghaidh na guaise a bhfuil an tráchtearra liostaithe ina leith;

(*) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

- (b) Fógraí a cuireadh isteach sa Chóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) agus sa Chóras um Chúnamh agus Comhar Riaracháin (AAC) agus i gcórais AAC in aghaidh calaois bia: líon na bhfógraí RASFF faoi chead thar teorainn isteach a dhiúltú agus líon na bhfógraí faoi neamhchomhlíonadh AAC agus fógraí calaois bia AAC maidir le tionscnamh/táirge/guais;
- (c) Toirteanna trádála le haghaidh tráchtearraí lena mbaineann arna soláthar ag EUROSTAT.

3.2.3 *Tréimhse thagartha chun faisnéis a bhailiú*

Is ionann an tréimhse thagartha don Choimisiún chun an fhaisnéis a thuairiscítear i bpointe 3.2.2. a bhailiú le haghaidh gach tráchtearra agus an seimeastar iomlán (sa bhliain roimhe nó le linn na bliana céanna) sula gcuirtear tús le próiseas athbhreithnithe nua. Téann an tréimhse thagartha (seimeastar) ó Eanáir go Meitheamh, agus ó Iúil go Nollaig i mbliain áirithe. Breithnítear forbairtí agus treochtaí níos déanaí i gcás ina bhfuil siad ábhartha i gcomhthéacs treochtaí sonracha a mheasúnú, d'fhonn cinneadh láneolach a áirithiú. I gcás tráchtearraí atá le liostú as an nua sna hlarscríbhinní, féadfar faisnéis ó sheimeastar éagsúla a chur san áireamh.

3.3. **Anailís faisnéise**

3.3.1. *Céimeanna an phróisis anailíse faisnéise*

Tosaíonn an próiseas athbhreithnithe rialta le bailiú na faisnéise ábhartha mar a thuairiscítear i bpointe 3.2.3 agus le hanailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Pléitear torthaí anailíse, athbhreithniú ar thionscnamh/tráchtearra/guais agus leasuithe molta ar larscríbhinní le Ballstáit i meitheal de chuid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (PAFF). Cuirtear torthaí a chomhaontaítear leis na Ballstáit faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (PAFF) ⁽⁹⁾ le haghaidh tuairim ó na Ballstáit.

3.3.2. *Breithnithe le haghaidh anailíse faisnéise*

Cuirtear roinnt tosca san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhaisnéis arna bailiú le haghaidh leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/1793.

Tá anailís bunaithe ar an bhfaisnéis go léir a bailíodh mar atá luaite i bpointe 3.2.2. maidir le tráchtearra áirithe. Déantar measúnú cás ar chás ag brath ar an tionscnamh/tráchtearra/guais. Go háirithe, féadfar bearta a choimeád fiú má stadann an trádáil iarbhir, i gcás nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil feabhas tagtha ar bhainistiú riosca, maidir leis an nguais ábhartha, leis an nguais ag áit tionscnaimh an tráchtearra agus, dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis atá ar fáil, tá an baol ann go n-onnmhaireofar tráchtearraí neamhshábháilte chuig an Aontas fós.

Tá patrúin trádála séasúracha, treochtaí ama agus méid trádála i measc na bhfachtóirí a mheastar.

I gcás ina mbraitear saincheist a d'fhéadfadh a bheith sistéamach i dtríú tír, a théann níos faide ná na torthaí a bhaineann le freagracht oibreoirí aonair as chomhlíonadh a n-onnmhairí le rialacha an Aontais agus i gcás ina dtuairiscíonn na Ballstáit leibhéil neamhchomhlíonta nach bhfeabhsaíonn go suntasach, tugtar isteach freagairt chomhchuibhithe de réir a chéile, ag brath ar raon feidhme na faidhbe agus ar an mbainistíocht intuartha:

- (a) liostú in larscríbhinn I/méadú ar mhinicíocht na seiceálacha ar tháirgí atá liostaithe cheana féin in larscríbhinn I (mar bheart a dhéanann dífeall d'oibreoirí a allmhairíonn coinsíneachtaí bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad isteach san Aontas agus go hindíreach sna tríú tíortha);
- (b) liostú in larscríbhinn II/nuair a chuirtear freagracht shonrach ar údaráis inniúla tríú tíortha is onnmhaireoir trí oibleagáid a chur orthu tástáil ar bhonn tionscnaimh agus comhlíonadh coinsíneachtaí le rialacha an Aontais a dheimhniú, tugtar isteach coinníollacha speisialta allmhairiúcháin i gcás ina gcuirtear freagracht shonrach ar údaráis inniúla na dtríú tíortha is onnmhaireoir;
- (c) liostú in larscríbhinn IIa/nuair is riosca tromchúiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó don chomhshaoil bia nó beatha nach de bhunadh ainmhíoch í agus a allmhairítear isteach san Aontas, féadfar fionraí ar thráchtearraí áirithe isteach san Aontas a fhorchur mar an beart is déine, i ngeall ar shaincheisteanna sláinte tromchúiseacha/athfhillteacha agus/nó saincheisteanna sistéamacha gan réiteach.

⁽⁹⁾ Coistí PAFF (europa.eu)

3.4. *Leasuithe a d'fhéadfadh teacht as anailís faisnéise*

Tá na cinntí maidir le gach tráchtearra aonair bunaithe ar anailís faisnéise agus ar phlé leis na Ballstáit le linn chruinnithe an Ghrúpa Oibre ar bhearta sealadacha le haghaidh allmhairiú bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad. Déantar an cinneadh cás ar chás do gach tráchtearra ar leith, ag cur san áireamh teaghlaim ilfhachtóirí de ghuaib, minicíocht an neamhchomhlíontachta, méideanna trádála, raon na faidhbe agus an réamhaisnéis maidir lena bhainistiú sásúil.

Is iad seo a leanas na cinntí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1793 a leasú:

- (a) Tráchtearra a chur isteach in Iarscríbhinn;
- (b) Tráchtearra a scriosadh ó Iarscríbhinn;
- (c) Tráchtearra a scriosadh ó Iarscríbhinn amháin agus a bhogadh go hIarscríbhinn eile;
- (d) Athruithe ar mhinicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha is gá ar theacht isteach san Aontas dóibh: Méadú nó laghdú. Socraítear minicíochtaí ag 5 %, 10 %, 20 %, 30 %, agus 50 %.

D'fhéadfadh minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheith éagsúil ó chás go chéile ar mheascán de roinnt fachtóirí a thuairiscítear i bpointe 3.1 agus i bpointe 3.2 thuas, agus i gcomhaontú leis na Ballstáit le linn chruinnithe na Meithle.

3.5. *Nós Imeachta*

Cuirtear an dréachtghníomh leasaitheach, arna ullmhú ar bhonn na hanailíse faisnéise agus toradh an phlé leis na Ballstáit le linn chruinnithe na Meithle, faoi bhráid an Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (PAFF). Tar éis tuairim fhabhrach a fháil i vóta Choiste PAFF, déanann an Coimisiún an dréachtghníomh leasaitheach a ghlacadh agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IOAE). Sa tréimhse idir tuairim fhabhrach a fháil ó Choiste PAFF agus sula nglacfaidh an Coimisiún é, cuireann an Coimisiún an tríú tír lena mbaineann ar an eolas i litir faoi na hathruithe atá beartaithe (e.g. cuimsiú/dlíostú ó Iarscríbhinní, athruithe ar mhinicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha) do na tráchtearraí atá liostaithe in Iarscríbhinní an dréachtghníomh leasaitheach. Tar éis fógra sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, cuirfidh an tAontas fógra sláintíochta agus fíteashláintíochta faoi bhráid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).

4. *Gluais*

AAC	Is córas é an Córas um Chúnaimh agus Comhar Riaracháin (AAC) arna fhorbairt agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún ina malartaíonn baill Lónra Calaoise Bia an Aontais faisnéis. Is féidir le Ballstát dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla i mBallstát eile agus faisnéis a roinnt ar bhealach slán, rud a bhféadfadh gníomhaíochtaí riaracháin, smachtbhannaí riaracháin nó imeachtaí breithiúnacha teacht astu. Rinneadh é a chomhtháthú go hiomlán sa Chóras Mear-Rabhaidh um Bia agus Beatha (iRASFF) in 2020.
Comhlíonadh	Comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625.
Cód AC	Is éard atá i gcód na hAinmníochta Comhcheangailte (cód AC) uirlis chun earraí a aicmiú a bhunaítear chun ceanglais na Comhtharaife Custaim agus ceanglais staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach a chomhlíonadh. Úsáidtear é go príomha nuair a dhéantar na hearraí a dhearbhu do chustam san Aontas, agus nuair a chinntear an ráta dleachta custaim a bhfuil feidhm aige. Freagraíonn sé don ainmníocht earraí, mar atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle. Is éard atá ann ainmníocht an chórais chomhchuibhithe.
Aicmiú TARIC	Comhfhreagraíonn sé do tharaif chomhtháite de chuid an Aontais, bunaithe ar an ainmníocht chomhcheangailte. Is éard atá ann, <i>inter alia</i> , foranna breise, dá ngairtear “fo-cheannteidil TARIC”, a bhfuil gá leo don tuairisc ar earraí atá faoi réir bhearta sonracha an Aontais, agus na rátaí dleachta custaim agus muirir eile is infheidhme, mar atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle.

Coinsíneacht	Freagraíonn sé don chainníocht earraí arna gcumhdach ag an deimhniú oifigiúil céanna, an fianú oifigiúil céanna nó ag aon doiciméad eile, arna n-iompar ar an modh iompair céanna agus a thagann as an gcrióch chéanna nó as an tríú tír chéanna agus, cé is moite d'earraí atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625, ar den chineál céanna, den aicme chéanna nó den tuairisc chéanna iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(37) de Rialachán (AE) 2017/625.
An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia	Is gníomhaireacht Eorpach é an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) a bhunaigh an tAontas in 2002 faoi Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Tá sé freagrach as measúnú a dhéanamh ar rioscaí ar fud an tslabhra bia, agus as comhairle eolaíoch neamhspleách a chur ar fáil do na cinnteoirí a rialaíonn sábháilteacht bia san Aontas. Feidhmíonn sé go neamhspleách ar na hinstiúidí reachtacha agus feidhmiúcháin Eorpacha (an Coimisiún, an Chomhairle, agus an Pharlaimint) agus ar Bhallstáit an Aontais.
Teacht isteach san Aontas	An ghníomhaíocht chun earraí a thabhairt isteach i gceann de na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625 ó áiteanna lasmuigh de na críocha sin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(40) den Rialachán seo.
AE	an tAontas Eorpach
EUROSTAT	Is é Eurostat oifig staidrimh an Aontais. Comhordaíonn sé gníomhaíochtaí staidrimh ar leibhéal an Aontais agus soláthraíonn sé staidreamh agus sonraí ardcháilíochta faoin Aontas.
Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhióch iad	Tagraíonn na focail “bia agus beatha de thionscnamh ainmhithe” do “bia”, is é sin le rá aon substaint nó táirge, bíodh sí nó sé próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, atá ceaptha lena n-íonghabháil ag daoine, nó a mbeifí ag súil leis go réasúnta go ndéanfaidh daoine iad a ionghabháil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002; agus ciallaíonn “beatha” aon substaint nó táirge, lena n-áirítear breiseáin, bídís próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, atá beartaithe lena n-úsáid mar bheatha d'ainmhithe de bhéal, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, ar de thionscnamh plandaí iad (e.g. torthaí agus glasraí, spíosraí, tae), nó de thionscnamh neamhainmhithe ar bith eile, amhail mianraí (salann).
Guais	Aon oibreán nó riocht a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, nó ar leas ainmhithe nó ar an gcomhshaoil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(23) de Rialachán (AE) 2017/625.
Allmhairiú bia agus beatha	Le hallmhairiú bia agus beatha, tagraítear do bhia agus beatha nach de thionscnamh ainmhióch iad agus a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais nó a bheartaítear d'úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch chustaim an Aontais.
Rialuithe oifigiúla	Sainmhínítear rialuithe oifigiúla in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2017/625 mar ghníomhaíochtaí a dhéanann na húdaráis inniúla, nó na comhlachtaí tarmilgthe nó na daoine nádúrtha ar tarmilgeadh cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil chucu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, chun a fhíorú (a) an gcomhlíonann na hoibreoirí an Rialachán sin agus na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2); agus (b) go gcomhlíonann ainmhithe nó táirgí na ceanglais a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), lena n-áirítear maidir le deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil a eisiúint.
IOAE	Is í <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> (IOAE) an iris taifid atá ag an Aontas Eorpach.
PAFF	Ionadaithe ó na Ballstáit go léir atá ar an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (CoistePAFF) agus tá ionadaí ón gCoimisiún i gceannas air, agus tá ról lárnach aige maidir lena áirithiú go bhfuil bearta an Aontais maidir le sábháilteacht bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe, chomh maith le sláinte plandaí, praiticiúil agus éifeachtach. Tugann sé tuairimí faoi dhréachtbhearta a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a ghlacadh. Clúdaíonn sainordú Choiste PAFF slabhra iomlán an tsolathair bia – ó shaincheisteanna sláinte ainmhithe ar an bhfeirm go dtí an táirge ar bhord an tomhaltóra – ag cabhrú leis an Aontas déileáil go héifeachtach le rioscaí sláinte ag gach céim den slabhra táirgthe.

Cur ar an margadh	Is é an sainmhíniú atá ar chur ar an margadh i bpointe (8) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 gurb ionann bia nó beatha a shealbhú chun críche díola, lena n-áirítear tairiscint le haghaidh díola nó aon chineál eile aistrithe, bídis saor in aisce nó ná bíodh, agus díol, dáileadh, agus cineálacha eile aistrithe iad féin.
RASFF	Bunaítear an Córas Mear-Rabhaidh um Bia agus Beatha (RASFF) le hAirteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 mar chóras mear-rabhaidh chun riosca díreach nó indíreach do shláinte an duine, a thagann ó bhia nó ó bheatha, a fhógairt agus comhfhreagraíonn sé do líonra a bhfuil baint ag Ballstáit an Aontais leis, an Coimisiún mar chomhalta agus mar bhainisteoir an chórais, EFSA. Baineann sé freisin le stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus le hÚdarás Faireacháin CSTE. Sainítear na cineálacha éagsúla fógraí in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún. Leagtar síos leis an Rialachán sin freisin bearta cur chun feidhme maidir le hoibriú éifeachtúil an RASFF. Baineann na fógraí RASFF a aicmítear mar dhiúltú teorann le coinsíneachtaí ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia, beatha nó bia ar dhiúltaigh údarás inniúil dóibh teacht isteach san Aontas ag post teorann laistigh den Aontas de bharr riosca do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol.
Riosca	Feidhm den dóchúlacht go n-imreofar tionchar díobhálach ar shláinte an duine, ar leas ainmhithe nó ar an gcomhshaol agus de dhéine an tionchair sin, toisc guais a bheith ann, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(24) de Rialachán (AE) 2017/625.
SPS	Sláintíocht agus fiteashláintíocht (SPS)
TRACES-NT	Is é an Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) ardán ilteangach ar líne an Choimisiúin um dheimhniúchán sláintíochta agus fiteashláintíochta, ar ardán é a thacaíonn le hallmhairiú ainmhithe, táirgí ainmhithe, bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch agus plandaí iad isteach san Aontas, agus trádáil laistigh den Aontas agus onnmhairí ainmhithe agus táirgí áirithe ainmhithe san Aontas. Is éard atá i gceist le heisiúint nua na huirlise dá ngairtear <i>TRACES New Technology</i> (TRACES-NT) cleachtais deimhniúcháin leictreonacha trína chur ar chumas údaráis inniúla an Aontais agus tríú tíortha doiciméid agus deimhnithe oifigiúla a stampáil go digiteach nó cinneadh arna dhéanamh i leith coinsíneachta a shíniú, agus, ar an gcaoi sin, úsáid an deimhnithe páipéir a chur as feidhm.
EDT	Pléann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) le rialacha domhanda na trádála idir náisiúin. Is é an phríomhfheidhm atá aige a áirithiú go mbeidh na sreafaí trádála chomh réidh, chomh intuartha agus chomh saor agus is féidir. Faoi EDT, luaitear i gComhaontú SPS gur cheart do thíortha fógra a thabhairt maidir le hathruithe ar a mbearta SPS. Is éard atá i mbearta SPS aon bheart a chuirtear i bhfeidhm (i) chun beatha an duine nó sláinte ainmhithe a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as breiseáin, as éilleáin, as tocsaíní nó as orgánaigh a eascraíonn as galair i mbianna, i ndeochanna nó in ábhair bheatha; (ii) beatha nó sláinte an duine a chosaint ar rioscaí ó ghalair a iompraíonn ainmhithe, plandaí nó táirgí uathu, nó ó theacht isteach, ó bhunú nó ó leathadh lotnaidí; (iii) beatha ainmhithe nó plandaí nó sláinte ainmhithe nó plandaí a chosaint ar rioscaí a éiríonn as teacht isteach, bunú nó leathadh lotnaidí, galar, orgánach a iompraíonn galair nó orgánach a bhíonn ina gcúis le galair; nó (iv) cosc nó teorainn a chur le damáiste eile ó theacht isteach, ó bhunú nó ó leathadh lotnaidí. Luaitear an méid seo a leanas sa chomhaontú: “Áirítear le bearta sláintíochta nó fiteashláintíochta na dlíthe, na foraitheanta, na rialacháin, na ceanglais agus na nósanna imeachta ábhartha go léir lena n-áirítear, inter alia, critéir na dtáirgí deiridh; Próisis agus modhanna táirgthe; Nósanna imeachta maidir le tástáil, cigireacht, deimhniú agus formheas; Cóireálacha coraintín lena n-áirítear ceanglais ábhartha a bhaineann le hiompar ainmhithe nó plandaí, nó leis na hábhair is gá chun go mairfidh siad agus iad á n-iompar; forálacha maidir le modhanna ábhartha staidrimh, nósanna imeachta samplála agus modhanna measúnaithe riosca; agus ceanglais maidir le pacáistiú agus lipéadú a bhaineann go díreach le sábháilteacht bia.” Le Comhaontú SPS, ceanglaítear ar thíortha fógra a thabhairt do EDT faoi rialacháin nua sláintíochta agus fiteashláintíochta atá beartaithe nó modhnuithe ar rialacháin atá ann cheana nuair a dhéantar an méid seo a leanas: (i) nach ann do chaighdeán, treoirlíne nó moladh idirnáisiúnta, nó; (ii) nach ionann go substaintiúil an t-ábhar a bheidh i rialachán SPS beartaithe agus an t-inneachar a bheidh i gcaighdeán, i dtreoirlíne nó i moladh idirnáisiúnta, agus, sa dá chás, más rud é; (iii) go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag an rialachán ar thrádáil tíortha eile.

Fógra maidir le comhchruinniú a tharraingt siar**(Cás M.10560 – SIKA / MBCC GROUP)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 265/02)

An 7 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra ⁽¹⁾ maidir le comhchruinniú a bhí beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾ (an “Rialachán um Chumaisc”).

An 4 Iúil 2022, chuir an páirtí a thug fógra an Coimisiún ar an eolas gur tharraing sé a fhógra siar.

⁽¹⁾ IO C 234, 17.6.2022, lch. 5.

⁽²⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

8 Iúil 2022

(2022/C 265/03)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0163	CAD	dollar Cheanada	1,3201
JPY	yen na Seapáine	138,05	HKD	dollar Hong Cong	7,9769
DKK	krone na Danmhairge	7,4424	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6464
GBP	punt steirling	0,84585	SGD	dollar Shingeapór	1,4228
SEK	krona na Sualainne	10,6665	KRW	won na Cóiré Theas	1 321,61
CHF	franc na hEilvéise	0,9913	ZAR	rand na hAfraice Theas	17,1922
ISK	króna na hÍoslainne	139,50	CNY	renminbi-yuan na Síne	6,8095
NOK	krone na hIorua	10,2630	HRK	kuna na Cróite	7,5190
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	15 210,73
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,614	MYR	ringgit na Malaeisia	4,4992
HUF	forint na hUngáire	402,45	PHP	peso na nOileán Filipíneach	56,882
PLN	zloty na Polainne	4,7630	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9431	THB	baht na Téalainne	36,602
TRY	lira na Tuirce	17,6026	BRL	real na Brasaíle	5,4345
AUD	dollar na hAstráile	1,4871	MXN	peso Mheicsiceo	20,8477
			INR	rúipí na hIndia	80,5280

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuarascáil speisialta 10/2022

“Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise”

(2022/C 265/04)

D’fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascáil speisialta 10/2022: “Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise”.

Más maith leat an tuarascáil a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

<https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61355>

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**(Cás M.10811 — INPEX / SC / SEML)****Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 265/05)

1. An 4 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- INPEX CORPORATION (“INPEX”, an tSeapáin),
- Sumitomo Corporation (“SC”, an tSeapáin),
- PT Supreme Energy Muara Laboh (“SEML”, an Indinéis).

Gheobhaidh INPEX agus SC rialú comhpháirteach ar SEML de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is cuideachta thaiscéalaíochta agus táirgthe é INPEX agus is i dTóiceo na Seapáine atá a cheanncheathrú. Bíonn sé i mbun taighde, taiscéalaíochta, forbartha, táirgthe agus díolacháin ola, gáis nádúrtha, agus acmhainní mianraí eile agus infheistíonn sé freisin i gcuideachtaí atá gníomhach sna réimsí sin.
- Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail é SC, agus is i dTóiceo na Seapáine atá a cheanncheathrú. Feidhmíonn SC ar fud an domhain agus tá sé gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear: (i) táirgí miotail; (ii) córais iompair agus tógála; (iii) tionscadail bhonneagair; (iv) na meáin agus an earnáil dhigiteach; (v) tithíocht agus maoin réadach; agus (vi) acmhainní mianraí, fuinneamh, ceimiceáin agus leictreonaic.
- Tá gléasra geoiteirmeach i gCúige Sumatra Thiar na hIndinése atá faoi úinéireacht agus atá á oibriú ag an gcuideachta SEML, agus díolann SEML an leictreachas a tháirgeann sé go heisiach leis an fóntas leictreachais atá faoi úinéireacht stáit na hIndinése.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ^(?), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10811 — INPEX / SC / SEML

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

^(?) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10656 — FLUTTER ENTERTAINMENT / SISAL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 265/06)

1. An 4 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Flutter Entertainment plc (“Flutter”, Éire),
- Sisal S.p.A. (“Sisal”, an Iodáil).

Gheobhaidh Flutter rialú ar Sisal ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Flutter: oibreoir domhanda gealltóireachta spóirt, cearrbhachais agus siamsaíochta,
- Sisal: oibreoir gealltóireachta, cearrbhachais agus crannchuir.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10656 — FLUTTER ENTERTAINMENT / SISAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10756 – ACC / EVONIK/JV)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 265/07)

1. An 5 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Evonik Operations GmbH (an Ghearmáin) agus Evonik (China) Co. Ltd. (an tSín) (dá dtagraítear le chéile mar “Evonik”), gnóthais atá faoi rialú RAG-Stiftung (an Ghearmáin) ar deireadh thiar,
- AVIC Composite Corporation Ltd. (“ACC”, an tSín), in éineacht leis an gcleamhnaí Yu Hua Funding & Investment (Xiamen) Limited Partnership (“Yu Hua”, an tSín), ar dhá ghnóthas iad atá faoi rialú Aviation Industry Corporation of China (“AVIC”, an tSín) ar deireadh thiar,
- ACC Evonik (Shang-hai) Composite Materials Technology Co. Ltd. (an “comhfhiontar”, an tSín).

Gheobhaidh Evonik agus ACC rialú comhpháirteach ar an gcomhfhiontar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tá ceanncheathrú Evonik sa Ghearmáin agus tá sé liostaithe ar stocmhalartán Frankfurt. Tá sé gníomhach maidir le táirgeadh agus margú saincheimiceán, ag díriú ar tháirgí i réimsí na sainbhreiseán, an chothaithe agus an chúraim, na n-ábhar cliste, na n-ábhar feidhmíochta, agus na teicneolaíochta agus an bhonneagair.
- Fochuideachta atá faoi lán-úinéireacht AVIC, cuideachta aeraspáis Síneach atá faoi úinéireacht an stáit a tháirgeann agus a mhargaíonn aerárthaí agus páirteanna aerárthaí sa tSín, is ea ACC.
- Beidh an comhfhiontar gníomhach maidir le táirgeadh agus margú cúir polaiméiteicrilimide (PMI) agus púdar atá bunaithe ar chéatón éitir poiléitir (PEEK), chomh maith le roisíní atá bunaithe ar PEEK agus comhdhúile atá bunaithe ar PEEK a dháileadh ar chustaiméirí atá lonnaithe sa tSín, i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, an tSín, agus i Sainréigiún Riaracháin Macao, an tSín.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10756 – ACC / EVONIK / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh le sonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 265/08)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA MODHNAÍTEAR AN DOICIMÉID AONAIR

“Rheinhessen”

PDO-DE-A1274-AM01

Dáta teachtaireachta: 20.4.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo

Tuairisc:

Leasú ar an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona íosta (a bogadh ó phointe 5.1 go pointe 3.2 den tsonraíocht táirge) le haghaidh *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán) a dhéantar as cineál fíonchaoire Dornfelder i mblianta ina bhfuil tosca aimsire eisceachtúla. Luachanna caighdeánacha le haghaidh *Qualitätswein* a dhéantar as cineál Dornfelder: neart alcóil 8.8 % de réir toirte/68 °Oechsle.

AN MÉID A CUIREADH LEIS:

“I gcás chineál fíonchaoire Dornfelder, féadfar neart alcóil nádúrtha íosta / meáchan úrfhíona íosta a shocrú ag 8.3 % de réir toirte/65 °Oechsle i mblianta ina bhfuil tosca aimsire eisceachtúla, trí chinneadh bhord chomhlachas aitheanta Schutzgemeinschaft Rheinhessen (Comhlachas chun fíon ‘Rheinhessen’ a chosaint). Ní bheidh feidhm ag na socruithe sin ach amháin maidir leis an mbliain fíona a ndearnadh an cinneadh sin ina leith. Fógrófar cinneadh an chomhlachais cosanta trí mhodh foilsitheoireachta iomchuí.”

Úsáidtear ainm chun na táirgí éagsúla a shainaithint, chomh maith le faisnéis faoina neart alcóil nádúrtha íosta / meáchan úrfhíona íosta agus tuairisc ar a saintréithe orgánaileipteacha faoi seach.

Cúiseanna:

Is é is aidhm don mhionlaghdú sa neart alcóil / mheáchan úrfhíona íosta i gcás chineál Dornfelder ligean don bhuaint tarlú níos luaithe agus dá bhrí sin éifeachtaí diúltacha orgánach nua díobhálach a íoslaghdú.

In 2014 d'éirigh an chuileog fhíneagair shilín le bheith mar bhagairt ar na cineálacha fíonchaoire deirge a aibíonn go luath, mar shampla. Baineann baol go laghdófar cáilíocht agus líon na bhfíonchaor a bhaintear i mblianta ina gcuirtear an bhuaint siar mar gheall ar an meáchan úrfhíona íosta a bhí i bhfeidhm go dtí seo. Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, Ich. 2.

2. Cineálacha fionchaoire

Tuairisc:

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fionchaoire a leanas:

Fíon bán:

“Albalonga, Arnsburger, Auxerrois, Bacchus, Bronner, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Findling, Freisamer, Gelber Muskateller, Gewürztraminer, Grauer Burgunder, Grüner Silvaner, Grüner Veltliner, Helios, Hiberna, Hölder, Huxelrebe, Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Mariensteiner, Merzling, Morio-Muskat, Müller-Thurgau, Muskat-Ottonel, Nobling, Optima, Orion, Ortega, Perle, Phoenix, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Gutedel, Roter Muskateller, Roter Traminer, Saphira, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Septimer, Siegerrebe, Silcher, Sirius, Solaris, Staufer, Weißer Burgunder, Weißer Gutedel, Weißer Riesling, Würzer.”

Fíon dearg agus fíon rosé:

“Acolon, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Silvaner, Blauer Spätburgunder, Blauer Trollinger, Blauer Zweigelt, Bolero, Cabernet Carbon, Cabernet

Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Franc, Cabernet Mitos, Cabernet Sauvignon, Dekapo, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Färbertraube, Früher roter Malvasier, Hegel, Heroldrebe, Merlot, Monarch, Müllerrebe, Muskat Hamburg, Neronet, Palas, Prior, Regent, Rondo, Rotberger, Rubinet, Saint Laurent, Syrah.”

LEASÚ:

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Fíon bán:

“Blauer Silvaner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Felicia, Früher Malingre, Früher Roter Malvasier, Goldmuskateller, Goldriesling, Muscaris, Osteiner, Rosa Chardonnay, Roter Elbling, Roter Müller Thurgau, Roter Riesling, Ruländer, Sauvignon Cita, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Souvignier gris, Trebbiano di Soave, Villaris, Weißer Elbling.”

Fíon dearg agus fíon rosé:

“Accent, Allegro, Baron, Blauburger, Cabernet Cantor, Cabernet Carol, Cabertin, Calandro, Helfensteiner, Muskattrollinger, Pinotin, Piroso, Reberger, Rosenmuskateller, Spätburgunder, Tauberschwartz, Wildmuskat.”

Baineadh na cineálacha a leanas den liosta:

Fíon bán:

“Mariensteiner”

Fíon dearg agus fíon rosé:

“Muskat Hamburg”

“Blauer Silvaner” (liosta mícheart)

“Früher Roter Malvasier” (liosta mícheart)

Cuireadh comhchiallaigh le haghaidh na gcineálacha fionchaoire leis.

Cúiseanna:

Cuireadh leis an liosta de chineálacha fionchaoire mar gheall go raibh sé neamhleor agus gur cheart na cineálacha a aicmíodh go dáta a áireamh ann. Baineadh cineál Mariensteiner den liosta mar ní cineál údaraithe é ar cheachtar de na liostaí de chuid na hOifige Feidearálaí um Chineálacha Plandaí ná faoin Rialachán Stáit Fheidearálaigh. Is fionchaor boird é Muskat Hamburg agus ní cheadaítear é dá bhrí sin. Baineadh Blauer Silvaner agus Früher Roter Malvasier den liosta de chineálacha dearga agus rosé, mar úsáidtear iad chun fionta geala a tháirgeadh.

3. Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó náisiúnta

Tuairisc:

Leagtar amach na ceanglais bhreise maidir le lipéadú i bpointe 9 (a bheidh mar phointe 10 amach anseo) den tsonraíocht táirge.

Aonaid gheografacha níos lú:

AN MÉID A CUIREADH LEIS:

“Thairis sin, soláthraíonn an clár fionghort liosta d’ainmneacha limistéar, idir ar scála mór, fionghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaíthe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú. Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaíthe, fo-aonad cadastrach, dáileacht) [sic]. Déanann Comhlachas Talmhaíochta na Réine agus an Phalaitíneacht bainistíocht air. Bunaítear an clár fionghort agus déantar é a choinneáil ar bun ar bhonn:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*);

— Roinn 29 den Rialachán Feidearálach um Fhíon (*Weinverordnung*);

— Gníomh de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le críochú láithreán agus limistéar agus an clár fionghort (Gníomh um Fhíonghoirt) (*Landesgesetz über die Festsetzung von Lagen und Bereichen und über die Weinbergsrolle (Weinlagengesetz)*);

— Roinn 2(16) de Rialachán de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le freagrachtaí i réimse na reachtaíochta fíona (*Landesverordnung über Zuständigkeiten auf dem Gebiet des Weinrechts*).

Ní féidir teorainneacha aonad geografach níos lú a athrú ach le toiliú ón eagraíocht inniúil faoi Roinn 22g den Ghníomh Feidearálach um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.”

Cúiseanna:

Ba cheart forálacha maidir le lipéadú a fhorlíonadh chun aonaid gheografacha níos lú a chumhdach, chun iad a ailíniú leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

4. Údaráis rialaithe

Tuairisc:

Cuireadh faisnéis le pointe 10 (a bheidh mar phointe 11 amach anseo) den tsonraíocht táirge maidir leis na húdaráis rialaithe ainmnithe agus a gcúraimí

AN MÉID A CUIREADH LEIS:

Cuidíonn an oifig a leanas le Comhlachas Talmhaíochta na Sárlainne chun a sheiceálacha a dhéanamh:

Landesuntersuchungsamt Rheinland-Pfalz (Oifig Tástála Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht)
Mainzer Str. 112
56068 Koblenz

Teileafón: 0261/9149-0

Facs 0261/914919-0

R-phost: poststelle@lua.rlp.de

Cúiseanna:

Ba cheart an Oifig Tástála a chur leis mar údarás rialaithe ós rud é go ndéanann sí seiceálacha sa réimse seo.

5. Eile

Tuairisc:

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais

Cúiseanna:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm an táirge

Rheinhessen

2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. Catagóirí táirgí finíúna

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

1. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), geal

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann. Is fíonta aonchineálacha iad an chuid is mó de na fíonta, rud a léiríonn saintréithe na gcineálacha éagsúla as a ndéantar iad.

Fíonta geala

Bíonn dath idir buí éadrom agus buí ar dhath an tuí ar na fíonta seo agus bíonn imireacha glasa orthu go minic freisin. Is iad na príomh-dhea-bholaithe a bhaineann leo dea-bholaithe de thorthaí buí agus trópaiceacha, go hócáideach in éineacht le blasanna torthaíocha noitmig, agus cothromaíocht mhín idir milseacht agus aigéadacht, tá na dea-bholaithe sin ar an bhfíon mar gheall ar an bpróiseas fíonóireachta séimh. Fágann an boladh agus an blas atá orthu imprisean glan agus úr.

Léirítear na difríochtaí idir an *terroir* éagsúil a aimsítear in Rheinhessen go han-mhaith i bhfíonta *RIESLING*. Baineann aigéadacht úr go sonrach leis na fíonta agus meashtar saintréithe mianracha agus torthaí galánta iontu freisin.

Go háirithe, is minic a bhíonn coipeadh malalachtach le brath ar fhíonta a tugadh chun cineáil i mbairillí nó cascaí darach agus bíonn dea-bholaithe míne tóstáilte orthu freisin.

Is minic a bhíonn fíonta a dhéantar as meascáin de chineálacha fíonchaoire leathmhilse mar gheall ar an siúcra iarmharach. Ní fhéadfaidh ach meascáin ina bhfuil 70 % ar a laghad de na fíonchaora iontu de na cineálacha a leanas: Riesling, Silvaner, Müller-Thurgau nó Kerner, agus ina bhfuil na cineálacha sin is mó le brath dá bhrí sin, an sonrúchán “Liebfrau(en)milch” a bheith orthu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), dearg

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Fíonta dearga

Táirgtear na fíonta sin mar fhíonta aonchineálacha agus mar fhíonta cumaiscthe. Bíonn dath idir dearg agus dearg dorchá orthu, is minic a bhíonn imireacha gormacha, corcairghorma orthu freisin, agus iad sainiúil mar gheall ar na dea-bholaithe de thorthaí dearga agus caora atá orthu. Bíonn aigéadacht bhog ag fíonta ag a bhfuil tathag measartha chomh maith le struchtúr tainneach discrídeach, agus blas torthaíoch láidir.

Anuas ar na dea-bholaithe de thorthaí dearga, d'fhéadfadh dea-bholaithe spíosracha agus toite a bheith ar fhíonta tathagacha freisin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), rosé, *Weißherbst*, *Blanc de Noir*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen.

Fíonta rosé, *Weißherbst* agus *Blanc de Noir*

Bíonn dath idir dearg éadrom agus dearg ar na fíonta sin, nó i gcás fíonta *Blanc de Noir*, bíonn dath fíona ghil orthu. Déantar iad a fháscadh ó fhíonchaora dearga amháin. Baineann tathag measartha leo de ghnáth agus bíonn dea-bholaithe fíneálta de thorthaí agus caora dearga orthu, chomh maith le haigéadacht spleodrach.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), *Rotling*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Fíonta *Rotling*

Bíonn dath idir dearg éadrom agus dearg gléineach ar na fíonta sin, agus déantar iad trí fhíonchaora geala agus dearga nó úrfhíon a chumasc le chéile. Baineann tathag measartha leo de ghnáth agus dea-bholaithe de thorthaí buí agus dearga araon orthu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. *Prädikatswein Kabinett* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Kabinett*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Kabinett (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Kabinett*”)

Is fíonta deasa agus spleodracha iad seo a mbaineann neart alcóil measartha, aigéadacht úr agus saintréithe sonracha den fhíon leo go ginearálta.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

6. *Prädikatswein Spätlese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Spätlese (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

Táirgtear fíonta atá saibhir ar bhealach comhchuí agus ag a bhfuil carachtar dian agus láidir ina gcuimsítear torthaí buí, agus mílseacht shuntasach thorthaíoch fúthu, mar gheall go n-úsáidtear fíonchaora atá aibithe go hiomlán. Bíonn dath buí ar dhath an tuí orthu de ghnáth agus uaireanta bíonn an dath sin níos órga.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

7. *Prädikatswein Auslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Auslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

Bíonn dath órbhuí ar na fíonta sin de ghnáth, mar gheall go n-úsáidtear fíonchaora atá idir aibithe go hiomlán agus ró-aibí ach go hidéalach atá sláintiúil fós. Bíonn blas láidir de thorthaí buí agus trópaiceacha orthu agus d'fhéadfadh dea-bholaithe de thorthaí triomaithe, a éiríonn níos láidre de réir mar a thugtar iad chun cineáil, a bheith orthu freisin. Go háirithe i gcás fíonta *Riesling*, bíonn aigéadacht atá inbhraite go soiléir iontu in éineacht leis an cion siúcra iarmharaigh.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

8. *Prädikatswein Beerenauslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Beerenauslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Beerenauslese*”)

Déantar na fíonta sin as fíonchaora ró-aibí, triomaithe nó botraíteasaithe agus bíonn dath dian órga orthu go ginearálta, dath a d'fhéadfadh athrú go hómra de réir mar a thugtar iad chun cineáil. Bíonn an blas atá orthu sainiúil mar gheall ar an milseacht láidir agus an neart alcóil atá idir íseal agus measartha. Bíonn dea-bholaithe tiubhaithe de rísíní, torthaí triomaithe agus mil le brath ar na fíonta seo go coitianta chomh maith le blasanna spíosracha.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

9. *Prädikatswein Eiswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Eiswein*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Eiswein (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Eiswein*”)

Déantar na fíonta sin as fíonchaora sláintiúla, atá aibí den chuid is mo, agus déantar iad a reo tráth a dhéantar iad a bhaint agus a fháscadh mar gheall ar na dálaí aimsire. Tugann sé sin neart alcóil atá an-ard gan aon tionchar ó lobhadh uasal, ós rud é go bhfuil comhábhair na bhfíonchaor an-tiubhaithe. Dá réir sin, bíonn dath buí ar dhath an tuí ar na fíonta de ghnáth, chomh maith le leibhéal ard milseachta torthaí agus aigéadacht thiubhaithe.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

10. *Prädikatswein Trockenbeerenauslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Trockenbeerenauslese*”)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen, áit a dtugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Prädikatswein Trockenbeerenauslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith “*Trockenbeerenauslese*”)

Déantar na fíonta sin as fíonchaora ró-aibí, triomaithe nó botraíteasaithe agus bíonn dath dian órga orthu go ginearálta, dath a d'fhéadfadh athrú go hómra de réir mar a thugtar iad chun cineáil. Bíonn an blas atá orthu sainiúil mar gheall ar an mílseacht láidir agus an neart alcóil atá idir íseal agus measartha. Bíonn dea-bholaithe tiubhaithe de rísíní, torthaí triomaithe agus mil le brath ar na fíonta seo go coitianta chomh maith le blasanna spíosra. Tá fíonta *Trockenbeerenauslese* éagsúil ó fhíonta *Beerenauslese* mar tá siad níos tiubhaithe agus bíonn tionchar níos láidre ag lobhadh uasal ar a ndea-bholaithe.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

11. *Qualitätsschaumwein* (fíon súilíneach ar ardchaighdeán)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fíonta geala, táirgtear fíonta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen. Féadfar táirgí ar a bhfuil STFC “Rheinhessen” a úsáid chun *Qualitätssperlwein b.A.* (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus *Qualitätsschaumwein* (fíon súilíneach ar ardchaighdeán) a tháirgeadh.

In Rheinhessen, tugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Qualitätsschaumwein (fíon súilíneach ar ardchaighdeán)

Déantar na fíonta súilíneacha as fíonta aonchineálacha de ghnáth. Bíonn tionchar ag an gcineál a úsáidtear ar bhlas na bhfíonta agus bíonn cuma fíneálta súilíneach orthu.

Is minic a bhíonn struchtúr bog, uachtarach chomh maith le tathag maorga agus bolgáin an-mhín ag fíonta súilíneacha a shainítear mar “*Cremant*”.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	

Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

12. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Seachas fionta geala, táirgtear fionta rosé agus dearga go traidisiúnta freisin in Rheinhessen. Féadfar táirgí ar a bhfuil STFC “Rheinhessen” a úsáid chun *Qualitätsperlwein b.A.* (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus *Qualitätsschaumwein* (fíon súilíneach ar ardchaighdeán) a tháirgeadh.

In Rheinhessen, tugann na hithreacha iarmharacha éagsúla saintréithe sainiúla don raon leathan de chineálacha a shaothraítear ann.

Fíon leathshúilíneach

Bíonn na fionta leathshúilíneacha sin spleodrach, torthaíoch agus úr. Déantar iad as cineálacha aramatacha de ghnáth, agus bíonn tionchar ag na cineálacha sin ar an mblas atá orthu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán STFC “Rheinhessen” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fíonóireachta

5.1. Cleachtais fíoneolaíochta shonracha

1. Táirgí iomlána

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Táirgí iomlána

Srianadh ábhartha maidir leis na fionta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Táirgí iomlána

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

105 heictíltear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá fionghoirt sna bardais a leanas mar chuid de limistéar an STFC: Albig, Alsheim, Alzey, Appenheim, Armsheim, Aspisheim, Badenheim, Bechenheim, Bechtheim, Bechtolsheim, Bermersheim (Alzey-Worms), Bermersheim vor der Höhe, Biebelnheim, Biebelsheim, Bingen am Rhein 1, Bodenheim, Bornheim (Alzey-Worms), Bubenheim (Mainz-Bingen), Budenheim, Dalheim, Dexheim, Dienheim, Dintesheim, Dittelsheim-Heßloch, Dolgesheim, Dorn-Dürkheim, Eckelsheim, Eich, Eimsheim, Engelstadt, Ensheim, Eppelsheim, Erbes-Büdesheim, Esselborn, Essenheim, Flörsheim-Dalsheim, Flonheim, Flomborn, Framersheim, Frei-Laubersheim, Freimersheim (Alzey-Worms), Frettenham, Friesenheim, Fürfeld, Gabsheim, Gau-Algesheim, Gau-Bickelheim, Gau-Bischofsheim, Gau-Heppenheim, Gau-Odernheim, Gau-Weinheim, Gensingen, Gimbsheim, Grolsheim, Gumbsheim, Gundersheim, Gundheim, Guntersblum, Hackenheim, Hahnheim, Hangen-Weisheim, Harxheim, Heidesheim am Rhein, Hillesheim (Mainz-Bingen), Hochborn, Hohen-Sülzen, Horrweiler, Ingelheim am Rhein, Jugenheim in Rheinhessen, Kettenheim, Klein-Winternheim, Köngernheim, Lörzweiler, Lonsheim, Ludwigshöhe, Mainz, Mauchenheim, Mettenham, Mölsheim, Mörsstadt, Mommenheim, Monsheim, Monzernheim, Nack, Nackenheim, Neu-Bamberg, Nieder-Hilbersheim, Nieder-Olm, Nieder-Wiesen, Nierstein, Ober-Flörsheim, Ober-Hilbersheim, Ober-Olm, Ockenheim, Offenheim, Offstein, Oppenheim, Osthofen, Partenheim, Pfaffen-Schwabenheim, Pleitersheim, Sankt Johann (Mainz-Bingen), Saulheim, Schornsheim, Schwabenheim an der Selz, Selzen, Siefersheim, Sörgenloch, Spiesheim, Sprendlingen, Stackeden-Elsheim, Stein-Bockenheim, Sulzheim, Tiefenthal (Bad Kreuznach), Udenheim, Uelversheim, Udenheim, Vendersheim, Volxheim, Wachenheim, Wackernheim, Wahlheim, Wallertheim, Weinolsheim, Welgesheim, Wendelsheim, Westhofen, Wintersheim, Wöllstein, Wörrstadt, Wolfsheim, Wonsheim, Worms, Zornheim, Zotzenheim.

Maidir le *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), *Prädikatswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith), *Sekt b.A.* (fíon súilíneach ó réigiúin shainithe) nó *Qualitätsperlwein b.A.* (fíon leathshuílíneach ó réigiúin shainithe) ag a bhfuil an t-ainm cosanta “Rheinhessen”, ní mór iad a tháirgeadh sa limistéar fáis, i limistéar fáis eile i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht nó i limistéar fáis i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha finíúna**

Accent

Acolon

Albalonga

Allegro

Arnsburger

Auxerrois – Auxerrois blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Baron

Blauburger

Blauer Frühburgunder – Frühburgunder, Pinot Noir Precoc, Pinot Madeleine, Madeleine Noir

Blauer Limberger – Limberger, Lemberger, Blaufränkisch

Blauer Portugieser – Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder – Spätburgunder, Pinot Nero, Pinot Noir, Samtrot

Blauer Trollinger – Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt – Zweigelt, Zweigeltrebe, Rotburger

Bolero

Bronner

Cabernet Blanc

Cabernet Carbon

Cabernet Carol
Cabernet Cortis
Cabernet Cubin – Cubin
Cabernet Dorio – Dorio
Cabernet Dorsa – Dorsa
Cabernet Franc
Cabernet Mitos – Mitos
Cabernet Sauvignon
Cabertin
Calandro
Chardonnay
Chardonnay Rosé
Dakapo
Deckrot
Domina
Dornfelder
Dunkelfelder
Ehrenbreitsteiner
Ehrenfelser
Faberrebe – Faber
Findling
Freisamer
Früher Malingre – Malinger
Früher Roter Malvasier – Malvoisie, Malvasier, Früher Malvasier
Färbertraube
Gelber Muskateller – Muskateller, Muscat Blanc, Muscat, Moscato
Goldriesling
Grüner Silvaner – Silvaner, Sylvaner
Grüner Veltliner – Veltliner
Hegel
Helfensteiner
Helios
Heroldrebe
Hibernal
Huxelrebe – Huxel
Hölder
Johanniter
Juwel
Kanzler
Kerner
Kernling
Merlot

Merzling
Monarch
Morio Muskat
Muscaris
Muskat Ottonel
Muskat Trollinger
Müller Thurgau – Rivaner
Müllerrebe – Schwarzriesling, Pinot Meunier
Neronet
Nobling
Optima 113 – Optima
Orion
Ortega
Osteiner
Palas
Perle
Phoenix – Phönix
Pinotin
Piroso
Prinzipal
Prior
Reberger
Regent
Regner
Reichensteiner
Rieslaner
Rondo
Rotberger
Roter Elbling – Elbling Rouge
Roter Gutedel – Chasselas Rouge
Roter Muskateller
Roter Riesling
Roter Traminer – Traminer, Gewürztraminer, Clevner
Rubinet
Ruländer – Pinot Gris, Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder
Saint Laurent – St. Laurent, Sankt Laurent
Saphira
Sauvignon Blanc
Sauvignon Cita
Sauvignon Gris
Sauvignon Gryn
Sauvignon Sary

Scheurebe
 Schönburger
 Septimer
 Siegerrebe – Sieger
 Silcher
 Sirius
 Solaris
 Sauvignier Gris
 Staufer
 Syrah – Shiraz
 Tauberschwartz
 Villaris
 Weißer Burgunder – Pinot Blanc, Pinot Bianco, Weißburgunder
 Weißer Elbling – Elbling
 Weißer Gutedel – Chasselas, Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Gutedel
 Weißer Riesling – Riesling, Riesling renano, Rheinriesling, Klingelberger
 Wildmuskat
 Würzer

8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

Is é limistéar fionsaothraithe Rheinhessen an limistéar ina bhfuil Rhein Hessische Tafel- und Hügelland (ardchlár agus talamh ard Réineach-Heiseánach) agus abhantrach Mainz a bheag nó a mhór. Tá ardchláir d'aolchloch fhrithsheasmhach a ngearrann loig leathana tríothu le cnoic shéimhe agus tailte ísle. Tá na limistéar ardchláir ag airdí idir 250 méadar agus 300 méadar os cionn leibhéil na mara, agus na tailte ísle ag airdí idir 100 méadar agus 150 méadar os cionn leibhéil na mara. Is ar thaobhanna na gcnoc a dhírítear ar an bhfionsaothrú, cé nach bhfuil sa mheánghrádán ach 7 %. Aimsítear fionsaothrú ar fhánaí crochta go háirithe sa limistéar timpeall Nierstein agus in Bingen. Ar an meán, fásann na fíniúnacha ag airde de 175 mhéadar os cionn leibhéil na mara. Tá aghaidh idir soir ó dheas agus siar ó dheas ag an gcuid is mó de na fionghoirt.

Is éard atá i limistéar fionsaothraithe Rheinhessen dríodair Threasacha agus Cheathartha go príomha a luíonn ar bhonn de charraigeacha Rotliegend. Tá na carraigeacha Rotliegend sin le feiceáil ar dhromchla an domhain sa chuid is faide siar ó dheas den limistéar agus gar do Nierstein (Niersteiner Horst). Luíonn an chuid is mó den limistéar ar charraigeacha Treasacha ar a bhforluíonn dríodair Cheathartha den chuid is mó (díorthaigh lóis, léibhinn abhann, dríodair ó shruthchúrsaí, dríodair ó fhánaí). Is éard atá sna limistéir d'ardchláir in Rheinhessen aolchloch Threasach, agus aimsítear marlaí Treasacha níos boige ar na limistéir fána, cnoic agus ísealchríche. Cumhdaíonn lós an aolchloch atá sna limistéir d'ardchláir agus is minic a bhíonn na haolchlocha de na limistéir ísealchríche folaithe ag lós nó dríodair ó fhánaí, agus tá marlaí na limistéir ísealchríche cumhdaithe le dríodair ó shruthchúrsaí, léibhinn nó dríodair athdháilte. Aimsítear grianchloichít agus scláta Deavónach sa chuid iarthuaiscirt de limistéar fionsaothraithe Rheinhessen gar do Bingen. A mhéid a bhaineann le foirmiú ithreach, is iad lós agus díorthaigh lóis an mháthair-shubstráit. Is mar a leanas atá aeráid limistéar fionsaothraithe Rheinhessen. Tá an mheánteocht bhliantúil thart ar 9.9 °C. Is é 14.6 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Tá na limistéir ina bhfuil na meánteochtaí bliantúla níos ísle lonnaithe in iarthuaisceart an limistéir fáis, ar an teorainn le habhantrach an Saar-Nahe. Tá na meánteochtaí le fáil ar Rhein Hessische Tafel- und Hügelland, agus na meánteochtaí bliantúla is airde le fáil i dtreo Mhachaire na Réine Uachtaraí. Faigheann an limistéar meán de 500 mm (a bheag nó a mhór) frasaíochta gach bliain, tagann 65 % (355 mm) den fhrasaíocht sin le linn an tséasúir fáis. Ar an meán, faigheann na fíniúnacha in Rheinhessen 650 000 Wh/m² de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

Saothraíonn saothróirí fíona dáileachtaí móra atá nasctha, rud a chiallaíonn go n-oibríonn an meicniúchán go maith agus gur féidir na limistéir a shaothrú ar bhealach atá costéifeachtach. Tá an-mheas acu ar raon na gcineálacha fíniúna agus an fhéidearthacht chun iad a fhás, rud is féidir a dhéanamh mar gheall ar na próifíilí ithreacha éagsúla. Bíonn raon leathan blasanna don tomhaltóir mar thoradh air sin. Chuaigh an earnáil fíona ó neart go neart le 20 bliain anuas. Léirítear an rath sin sa líon de na táirgeoirí óga is fearr agus an líon sin ag méadú i gcónaí. Tá an toisc dhaonna bunaithe ar thraidisiún fionsaothraithe atá ann ar feadh na n-aoiseanna.

9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór do na fionta dul faoi chigireacht oifigiúil chun bheith lipéadaithe leis na téarmaí traidisiúnta *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), *Prädikatswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith), *Qualitätsperlwein* b.A. (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus *Sekt* b.A. (fíon ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe). Ní mór an uimhir cigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer*) a shonrú ar an lipéad. Cuirtear é sin in áit na baiscuimhreach.

Anuas ar an ainm fíona faoi chosaint atá ann cheana, ní mór fíon agus táirgí fíona a lipéadú le ceann amháin de na téarmaí a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht táirge. Tá úsáid na dtéarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(b) den tsonraíocht táirge roghnach.

Thairis sin, soláthraíonn an clár fíonghort liosta d'ainmneacha limistéar, idir fhíonghoirt ar scála mór agus fhíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaíthe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú.

Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaíthe, dáileacht). Déanann Comhlachas Talmhaíochta na Réine agus an Phalaitíneacht bainistíocht air.

Bunaítear an clár fíonghort agus déantar é a choinneáil ar bun ar bhonn:

- Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*);
- Roinn 29 den Rialachán Feidearálach um Fhíon (*Weinverordnung*);
- Gníomh de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le críochú láithreán agus limistéar agus an clár fíonghort (Gníomh um Fhíonghoirt) (*Landesgesetz über die Festsetzung von Lagen und Bereichen und über die Weinbergsrolle (Weinlagengesetz)*);
- Roinn 2(16) de Rialachán de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le freagrachtaí i réimse na reachtaíochta fíona (*Landesverordnung über Zuständigkeiten auf dem Gebiet des Weinrechts*).

Ní féidir teorainneacha aonad geografach níos lú a athrú ach le toiliú ó na heagraíochtaí inniúla faoi Roinn 22 den Ghníomh Feidearálach um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

<http://www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein>

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)